Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Meán Fómhair 2020
(OR. en)

11201/20

**Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0282(NLE)**

PECHE 261
UK 55

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Meán Fómhair 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 626 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin maidir leis an gCoinbhinsiún um Chaomhnú Bradán san Aigéan Atlantach Thuaidh a mhéid a bhaineann leis an iarratas ar aontachas leis an gCoinbhinsiún sin arna dhéanamh ag an Ríocht Aontaithe agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/937 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 626 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 626 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.9.2020
COM(2020) 626 final

2020/0282 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin maidir leis an gCoinbhinsiún um Chaomhnú Bradán san Aigéan Atlantach Thuaidh a mhéid a bhaineann leis an iarratas ar aontachas leis an gCoinbhinsiún sin arna dhéanamh ag an Ríocht Aontaithe agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/937

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa chomhlacht arna bhunú ag an gCoinbhinsiún um Chaomhnú Bradán san Aigéan Atlantach Thuaidh [1] ("Coinbhinsiún NASCO") i dtaca le haontachas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ("an Ríocht Aontaithe") - ina ceart féin le linn na hidirthréimhse - leis an gCoinbhinsiún sin.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

An 29 Márta 2017, thug an Ríocht Aontaithe fógra don Chomhairle Eorpach go raibh rún aici tarraingt siar as an Aontas Eorpach de bhun Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

Rinne an tAontas agus an Ríocht Aontaithe caibidlíocht ar chomhaontú um tharraingt siar de bhun Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Tháinig an Comhaontú um Tharraingt Siar[2] i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020, tar éis dó a bheith comhaontaithe an 17 Deireadh Fómhair 2019, mar aon leis an Dearbhú Polaitiúil lena leagtar amach an creat le haghaidh chomhpháirtíocht an Aontais agus na Ríochta Aontaithe amach anseo.

Le hAirteagal 127(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, foráiltear do thréimhse ar lena linn a leanfaidh dlí an Aontais d'fheidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe, ("idirthréimhse"). Tiocfaidh deireadh leis an idirthréimhse an 31 Nollaig 2020. Foráiltear le hAirteagal 129(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar go mbeidh an Ríocht Aontaithe faoi cheangal ag na hoibleagáidí a eascraíonn ó na comhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas, ag na Ballstáit atá ag gníomhú thar a cheann, nó ag an Aontas agus a Bhallstáit ag gníomhú go comhpháirteach dóibh. Foráiltear le hAirteagal 129(3) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis, nach mór don Ríocht Aontaithe, le linn na hidirthréimhse, staonadh ó aon ghníomhaíocht nó tionscnamh ar dóigh di nó dó dochar a dhéanamh do leasanna an Aontais, go háirithe faoi chuimsiú aon eagraíocht, aon ghníomhaireacht, aon chomhdháil nó aon fhóram idirnáisiúnta ina bhfuil an Ríocht Aontaithe ina páirtí ina ceart féin.

Chuir an tAontas a chomhpháirtithe idirnáisiúnta ar an eolas maidir leis na socruithe sonracha a leagtar amach sa Chomhaontú um Tharraingt Siar. Luaitear sa Chomhaontú go gcaithfear leis an Ríocht Aontaithe le linn na hidirthréimhse mar Bhallstát chun críocha na gcomhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas.

Tá feidhm ag Coinbhinsiún NASCO faoi láthair maidir leis an Ríocht Aontaithe mar gheall ar an Aontas a bheith ina pháirtí conarthach leis an gCoinbhinsiún sin. Tiocfaidh deireadh leis sin ar an dáta nach mbeidh an Ríocht Aontaithe cumhdaithe a thuilleadh ag Coinbhinsiún NASCO mar Bhallstát den Aontas.

Is é is príomhchuspóir do Choinbhinsiún NASCO "rannchuidiú trí chomhairliúchán agus comhar leis na stoic bhradán a chaomhnú, a athbhunú, a fheabhsú agus a bhainistiú go réasúnach, ag cur san áireamh an fhianaise eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil dó." Tháinig Coinbhinsiún NASCO i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 1983. Is é Comhairle an Aontais Eorpaigh taiscí Choinbhinsiún NASCO.

[1] *IO L 378, 31.12.1982, lch. 24.*

[2] Comhaontú maidir le tarraingt siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, IO C 384I, 12.11.2019, lch. 1.

Sa litir uaithi an 28 Feabhra 2019, chuir an Ríocht Aontaithe iarratas faoi bhráid Uachtarán Chomhairle NASCO inar iarr sí formheas ar a haontachas le Coinbhinsiún NASCO. An 11 Márta 2019, thug Ardrúnaíocht NASCO fógra do pháirtithe uile an Choinbhinsiún maidir leis sin, lena n-áirítear an Coimisiún Eorpach. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Choinbhinsiún NASCO, is gá formheas ó chomhairle NASCO a fháil roimh ré chun go measfar aontachas na Ríochta Aontaithe a bheith bailí.

Tá soiléiriú tugtha ag an Ríocht Aontaithe go ndearnadh an t-iarratas mar chuid den phleanáil theagmhasach in éagmais an chomhaontaithe um tharraingt siar. San iarratas uaithi, shonraigh an Ríocht Aontaithe an méid seo a leanas: "i gcás ina ndéanfar an Comhaontú um Tharraingt Siar a shíniú, a dhaingniú agus a fhormheas [...] staonfaidh an Ríocht Aontaithe óna hionstraim aontachais a thaisceadh chun ballraíocht in NASCO ina ceart féin a bhaint amach le héifeacht ón uair a tharraingeoidh sí siar ón Aontas Eorpach."

An 27 Bealtaine, 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2019/937[3] maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh faoi chuimsiú Choinbhinsiún NASCO i dtaca leis an iarratas ar aontachas leis an gCoinbhinsiún sin arna dhéanamh ag an Ríocht Aontaithe. Bhí an cinneadh sin fabhrach i leith aontachas na Ríochta Aontaithe le Coinbhinsiún NASCO, ach bhí an formheas le tabhairt ón uair nach mbeadh feidhm ag dlí an Aontais a thuilleadh maidir leis an Ríocht Aontaithe.

I gcomhréir le hAirteagal 129(4) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, féadfaidh an Ríocht Aontaithe, le linn na hidirthréimhse, comhaontuithe idirnáisiúnta arna ndéanamh aici ina cáil féin a chaibidil, a shíniú agus a dhaingniú i réimsí ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas, ar choinníoll nach dtiocfaidh na comhaontuithe sin i bhfeidhm ná nach mbeidh feidhm acu le linn na hidirthréimhse, murar údaraigh an tAontas amhlaidh. Leagtar amach le Cinneadh 2020/135[4] ón gComhairle na coinníollacha agus an nós imeachta chun na húdaruithe sin a dheonú.

I litir dar dáta an 3 Aibreán 2020, thug an Ríocht Aontaithe fógra don Choimisiún Eorpach faoina rún a toiliú a thabhairt, ina cáil féin, a bheith faoi cheangal ag Coinbhinsiún NASCO.

An 9 Iúil 2020, fuair an Ardrúnaíocht ríomhphost ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh (taiscí Choinbhinsiún NASCO) lenar ceanglaíodh iarratas ón Ríocht Aontaithe chun aontú do Choinbhinsiún NASCO agus litir chuig Uachtarán NASCO. Scaipeadh sin an 24 Iúil 2020. Luaitear an méid seo a leanas sa litir chuig an Uachtarán: *'Tá sé ar intinn ag an Ríocht Aontaithe aontú don Choinbhinsiún ar bhealach atá ag teacht lena cuid oibleagáidí faoin gComhaontú um Tharraingt Siar...'.*

Le Cinneadh Cur Chun Feidhme XXX[5] ón gComhairle, údaraítear an Ríocht Aontaithe a toiliú a thabhairt, ina cáil féin, a bheith faoi cheangal ag Coinbhinsiún NASCO mar gur comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3(1) de Chinneadh (AE) 2020/135.

---

[3] Cinneadh (AE) 2019/937 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2019 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh faoi chuimsiú an Coinbhinsiún um Chaomhnú Bradán san Aigéan Atlantach Thuaidh i dtaca leis an iarratas ar aontachas leis an gCoinbhinsiún sin arna dhéanamh ag an Ríocht Aontaithe *IO L 149, 7.6.2019, lch. 61.*

[4] Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 i dtaca le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, IO L 29, 31.1.2020, lch. 1.

[5] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/XXX an [dáta] ón gComhairle maidir le húdarú na Ríochta Aontaithe a toiliú a thabhairt a bheith faoi cheangal, ina cáil féin, ag comhaontuithe idirnáisiúnta áirithe atá ag teacht i bhfeidhm nó atá le cur i bhfeidhm le linn na hidirthréimhse i réimse chomhbheartas iascaigh an Aontais (IO L xxx, xxx, lch. xxx).

## 2.1. Eagraíocht um Chaomhnú Bradán san Atlantach Thuaidh

Eagraíocht idirnáisiúnta arna bunú faoi Choinbhinsiún NASCO is ea an Eagraíocht um Chaomhnú Bradán san Atlantach Thuaidh. Nuair a bunaíodh é, áiríodh ann go háirithe na forálacha sonracha ar stoic éisc anadromaigh i dtaca leis an iasc a leagtar amach in Airteagal 66 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 ("UNCLOS")[6].

Tá feidhm ag an gCoinbhinsiún maidir leis na stoic bhradán fiáin a théann ar imirce i limistéir lasmuigh den dlínse iascaigh a bhaineann le Stáit chósta san Aigéan Atlantach, lastuaidh de dhomhanleithead 36° ó thuaidh ar fud a réimse imirce.

Tá NASCO freagrach as iascaireacht bradán fiáin ar muir a rialáil ar fud an Atlantaigh Thuaidh. Ina theannta sin, pléann sé ceisteanna maidir le stoic bhradán fiáin a chaomhnú. I gcomhthéacs níos leithne, measann NASCO freisin go bhfuil tuilleadh beart is infheidhme maidir le huiscí dhlínse na bpáirtithe conarthacha de dhíth chun a áirithiú go dtiocfaidh bradáin fhiáine an Atlantaigh slán.

Tá pearsantacht dhlítheanach ag NASCO agus i ndáil leis na caidrimh atá aige le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile agus i gcríocha na bpáirtithe conarthacha, tá an inniúlacht dhlítheanach aige is gá chun a chuid feidhmeanna a fheidhmiú agus a chuid cuspóirí a bhaint amach.

## 2.2. NASCO

Is é atá i gceist le NASCO comhairle, trí Choimisiún réigiúnacha (Coimisiún Mheiriceá Thuaidh , Coimisiún an Atlantaigh Thoir Thuaidh agus Coimisiún na Graonlainne Thiar) agus Ardrúnaíocht. Tá ionadaithe ag an gcomhairle ó Pháirtithe Conarthacha uile an Choinbhinsiúin: Ceanada, an Danmhairg (i ndáil le hOileáin Fharó & leis an nGraonlainn), an tAontas Eorpach, an Iorua, Cónaidhm na Rúise agus Stáit Aontaithe Mheiriceá. Freastalaíonn an Fhrainc (i ndáil le St. Pierre & Miquelon) ar chruinnithe NASCO mar bhreathnóir.

Tá an tAontas Eorpach ina Pháirtí i gCoinbhinsiún NASCO mar go dtagann an t-ábhar atá ann faoi raon feidhme an chomhbheartais iascaigh, ar ina leith a bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas. Cumhdaítear na Ballstáit le Coinbhinsiún NASCO faoi dhlí an Aontais.

Is lánchomhalta é an tAontas Eorpach de Choimisiún an Atlantaigh Thoir Thuaidh agus de Choimisiún na Graonlainne Thiar araon. I gCoimisiún Mheiriceá Thuaidh, tá an ceart ag an Aontas Eorpach tograí le haghaidh bearta rialála maidir le stoic bhradán fiáin ar de thionscnamh críoch Eorpach iad a chur isteach agus vótáil orthu. Chun na críche sin, meastar an tAontas a bheith ina chomhalta den choimisiún sin a mhéid is a bhaineann leis na tograí sin a mheas.

## 2.3. Gníomh beartaithe NASCO

Is féidir le haon Stát a bhfuil dlínse iascaigh aige san Aigéan Atlantach Thuaidh nó ar Stát tionscnaimh é i gcás stoic bhradán cur isteach ar aontachas le Coinbhinsiún NASCO, faoi réir formheas a fháil ó chomhairle NASCO.

Sa litir uaithi an 28 Feabhra 2019, chuir an Ríocht Aontaithe iarratas faoi bhráid Uachtarán chomhairle NASCO inar iarr sí formheas chun aontú do Choinbhinsiún NASCO. An 11 Márta 2019, thug ardrúnaíocht NASCO fógra do pháirtithe uile an Choinbhinsiúin, lena n-áirítear an Coimisiún Eorpach, maidir leis an iarratas sin. Faoi Airteagal 17 de

[6] Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, IO L 179, 23.6.1998, lch. 3.

Choinbhinsiún NASCO, is gá formheas ó chomhairle NASCO roimh ré chun go measfar aontachas na Ríochta Aontaithe a bheith bailí.

Glacfar cinntí ó chomhairle NASCO le tromlach trí cheathrú de vótaí na gcomhaltaí atá i láthair agus a chaitheann vóta dearfach nó diúltach. Ní féidir vótáil a reáchtáil ach amháin má tá dhá thrian de chomhaltaí na comhairle i láthair.

Tá ionstraimí formheasa nó aontachais le taisceadh leis an taiscí. I gcás gach páirtí atá ag aontú do Choinbhinsiún NASCO, tar éis na hionstraimí daingniúcháin, formheasa nó aontachais riachtanacha a thaisceadh, tiocfaidh an Coinbhinsiún i bhfeidhm ar an dáta a dhéanfar an ionstraim aontachais a thaisceadh.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Is é is aidhm don Chinneadh seo ón gComhairle é a chur ar a chumas don Choimisiún, thar ceann an Aontais, formheas a thabhairt d'aontachas na Ríochta Aontaithe le Coinbhinsiún NASCO.

Ar cheann de phríomhchuspóirí an chomhbheartais iascaigh, mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] "*a áirithiú go bhfuil gníomhaíochtaí iascaireachta inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil, an gheilleagair agus na sochaí de agus go ndéantar iad a bhainistiú sa chaoi is go mbainfear amach leasanna eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta, go ndéanfar stoic éisc a athbhunú agus a chothabháil os cionn leibhéal inar féidir an uastáirgeacht inbhuanaithe a bhaint amach, agus go gcuirfidh siad leis an soláthar bia*."

Is chun leas an Aontais é go mbeidh an Ríocht Aontaithe ag obair chun stoic bhradán a bhainistiú go hiomlán i gcomhréir le forálacha UNCLOS, i gcomhar le Comhaontú na Náisiún Aontaithe maidir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 i ndáil le caomhnú agus le bainistiú stoc éisc traslimistéir agus stoc éisc mór-imirceach a chur chun feidhme an 4 Lúnasa 1995[8] ("UNFSA") nó le haon chomhaontú idirnáisiúnta eile nó norm faoin dlí idirnáisiúnta.

Faoi Airteagal 66 de UNCLOS, is stáit ar óna gcuid aibhneacha a thionscnaíonn na stoic anadromacha is mó a bhfuil leas acu sna stoic sin agus is mó a bhfuil freagracht orthu astu. Ní mór do Stát tionscnaimh na stoc anadromach a áirithiú go gcaomhnófar na stoic trí bhearta rialála iomchuí a ghlacadh le haghaidh na hiascaireachta sna huiscí go léir ar thaobh na talún de theorainneacha forimeallacha an limistéir eacnamaíoch eisiach atá aige. I gcásanna ina ndéanann stoic anadromacha imirce chuig uiscí nó trí uiscí atá laistigh de na teorainneacha forimeallacha i limistéar eacnamaíoch eisiach Stáit seachas an Stát tionscnaimh, ní mór don Stát sin a bheith ag obair i gcomhar leis an Stát tionscnaimh chun stoic a chaomhnú agus a bhainistiú.

Ní mór do Stát tionscnaimh na stoc anadromach agus na Stáit eile atá ag iascaireacht na stoc sin socruithe a dhéanamh chun Airteagal 66 de UNCLOS a chur chun feidhme. Féadfar an comhar sin a bhunú faoi chuimsiú na n-eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh.

Maidir leis an Ríocht Aontaithe, mar Stát tionscnaimh agus mar Stát a fheidhmíonn dlínse iascaigh, tá leasanna dlisteanacha aici laistigh de Limistéar Choinbhinsiún NASCO a mhéid a

[7] *IO L 354, 28.12.2013, lch. 22.*

[8] Comhaontú maidir le cur chun feidhme fhorálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 i dtaca le caomhnú agus bainistiú stoc éisc traslimistéir agus stoc éisc mór-imirceach - Dearbhú maidir le hinniúlacht an Chomhphobail Eorpaigh - Dearbhuithe léiritheacha, IO L 189, 3.7.1998, lch 17.

thagann na huiscí faoi limistéar eacnamaíoch eisiach na Ríochta Aontaithe agus a mhéid a thagann na farraigí arda atá tadhlach laistigh de Limistéar Choinbhinsiún NASCO.

Le haontachas na Ríochta Aontaithe le Coinbhinsiún NASCO, cuirfear ar a cumas don Ríocht Aontaithe a bheith ag obair i gcomhar maidir le bainistiú bradán agus le bearta caomhnaithe agus aird chuí á tabhairt ar chearta, leasanna agus dualgais na dtíortha eile agus an Aontais, agus cuirfear ar a cumas di a áirithiú nach saothrófar an stoc/ na stoic ar bhealach neamh-inbhuanaithe de dheasca gníomhaíochtaí iascaireachta.

I bhfianaise leasanna iascaireachta dlisteanacha na Ríochta Aontaithe i Limistéar Choinbhinsiún NASCO, oibleagáid na Ríochta Aontaithe chun bheith obair i gcomhar maidir leis an mbainistiú iascaigh, agus an gá le gné cheangailteach na gcinntí ó NASCO tar éis aontachas na Ríochta Aontaithe, molann an Coimisiún go bhformheasfar an t-iarratas ón Ríocht Aontaithe.

Tá sé beartaithe an Coimisiún a údarú chun Uachtarán chomhairle NASCO a chur ar an eolas maidir le seasamh an Aontais ar son aontachas na Ríochta Aontaithe ón uair a scoirfidh dlí an Aontais d'fheidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe agus a vóta a chaitheamh ar an dóigh sin i gcomhthéacs chomhairle NASCO agus vóta á chaitheamh ar bhallraíocht na Ríochta Aontaithe.

Is iomchuí Cinneadh (AE) 2019/937 a aisghairm chun gur féidir formheas an Aontais chun aontú a thabhairt roimh dheireadh na hidirthréimhse.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí nós imeachta

#### *4.1.1. Na prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunófar '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Áirítear ar na '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta. Áirítear air freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach '*a bhféadfadh tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh*'[9].

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is féidir le haon Stát a bhfuil dlínse iascaigh aige san Aigéan Atlantach Thuaidh nó ar Stát tionscnaimh é i gcás stoic bhradán cur isteach ar aontachas le Coinbhinsiún NASCO, faoi réir formheas a fháil ó chomhairle NASCO.

Glacfar cinntí ó chomhairle NASCO le tromlach trí cheathrú de vótaí na gcomhaltaí atá i láthair agus a chaitheann vóta dearfach nó diúltach. Ní féidir vóta a ghlacadh ach amháin má tá dhá thrian de chomhaltaí ó chomhairle NASCO i láthair.

Cuirfear an t-aontachas i bhfeidhm trí ionstraim aontachais a thaisceadh leis an Taiscí agus tiocfaidh sé i bhfeidhm an dáta a gheofar é.

---

9 Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 7 Deireadh Fómhair 2014, *an Ghearmáin v an Chomhairle*, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

Cuirfidh an Taiscí na sínitheoirí agus na páirtithe aontacha go léir ar an eolas maidir leis na hionstraimí formheasa nó aontachais a dhéanfar a thaisceadh, agus cuirfidh sé iad ar an eolas maidir leis an dáta agus na Páirtithe ar ina leith a thiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm.

A luaithe a bheidh aontachas na Ríochta Aontaithe i bhfeidhm, beidh sé ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 17(3) de Choinbhinsiún NASCO agus féadfaidh sé tionchar cinntitheach a bheith aige ar inneachar reachtaíocht an Aontais.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíonfar ná ní leasófar creat institiúideach Choinbhinsiún NASCO. Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

*4.2.1. Na prionsabail*

An bunús dlí substainteach le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus inneachar an ghnímh a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá roinnt aidhmeanna ag an ngníomh nó má tá roinnt comhpháirteanna ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus na cinn eile mar aidhmeanna nó comhpháirteanna theagmhasacha, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús substainteach dlí aonair, eadhon an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

*4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus príomhinneachar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas iascaigh.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 43 CFAE an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Is é Airteagal 43 ba cheart a bheith ina bhunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

2020/0282 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin maidir leis an gCoinbhinsiún um Chaomhnú Bradán san Aigéan Atlantach Thuaidh a mhéid a bhaineann leis an iarratas ar aontachas leis an gCoinbhinsiún sin arna dhéanamh ag an Ríocht Aontaithe agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/937**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh 82/886/CEE[1] ón gComhairle, formheasadh an Coinbhinsiún um Chaomhnú Bradán san Aigéan Atlantach Thuaidh [2] ('Coinbhinsiún NASCO'), agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 1983.

(2) Tá feidhm ag Coinbhinsiún NASCO faoi láthair maidir leis an Ríocht Aontaithe mar gheall ar an Aontas a bheith ina Pháirtí Conarthach leis an gCoinbhinsiún sin.

(3) Faoi Airteagal 17(3) de Choinbhinsiún NASCO, is féidir le haon Stát a bhfuil dlínse iascaigh aige san Aigéan Atlantach Thuaidh nó ar Stát tionscnaimh é i gcás stoic bhradán cur isteach ar aontachas le Coinbhinsiún NASCO, faoi réir formheas a fháil ó chomhairle na hEagraíochta um Chaomhnú Bradán san Atlantach Thuaidh arna bunú ag Coinbhinsiún NASCO.

(4) An 27 Bealtaine 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2019/937[3] maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh faoi chuimsiú Choinbhinsiún NASCO i dtaca leis an iarratas ón Ríocht Aontaithe chun aontú don Choinbhinsiún sin. Bhí an cinneadh sin fabhrach i leith aontachas na Ríochta Aontaithe le Coinbhinsiún NASCO, ach bhí an formheas le tabhairt ón uair nach mbeadh feidhm ag dlí an Aontais a thuilleadh i gcás na Ríochta Aontaithe.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 129(4) den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach le linn na hidirthréimhse, féadfaidh an Ríocht Aontaithe comhaontuithe idirnáisiúnta, arna

[1] Cinneadh 82/886/CEE ón gComhairle an 13 Nollaig 1982 maidir leis an gCoinbhinsiún um Chaomhnú Bradán san Aigéan Atlantach Thuaidh a thabhairt i gcrích (IO L 378, 31.12.1982, lch. 24).

[2] IO L 378, 31.12.1982, lch. 25.

[3] Cinneadh (AE) 2019/937 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2019 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin um Chaomhnú Bradán san Aigéan Atlantach Thuaidh i dtaca leis an iarratas ar aontachas leis an gCoinbhinsiún sin arna dhéanamh ag an Ríocht Aontaithe *IO L 149, 7.6.2019, lch. 61.*

ndéanamh ina cáil féin i réimsí ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas, a chaibidil, a shíniú agus a dhaingniú, ar choinníoll nach dtiocfaidh na comhaontuithe sin i bhfeidhm ná nach mbeidh feidhm acu le linn na hidirthréimhse, mura n-údaróidh an tAontas amhlaidh. Leagtar amach le Cinneadh (AE) 2020/135[4] ón gComhairle na coinníollacha agus an nós imeachta chun na húdaruithe sin a dheonú.

(6) Trí bhíthin na litreach uaithi an 3 Aibreán 2020, thug an Ríocht Aontaithe fógra don Choimisiún Eorpach faoina rún a toiliú a thabhairt, ina cáil féin, a bheith faoi cheangal ag Coinbhinsiún NASCO.

(7) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/XXX[5] ón gComhairle, údaraítear an Ríocht Aontaithe a toiliú a thabhairt a bheith faoi cheangal ina cáil féin ag Coinbhinsiún NASCO mar gur comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3(1) de Chinneadh (AE) 2020/135.

(8) Faoi Airteagal 66 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Mara (‘UNCLOS’)[6], is Stáit ar óna gcuid aibhneacha a thionscnaíonn na stoic anadromacha is mó a bhfuil leas acu sna stoic sin agus is mó a bhfuil freagracht orthu astu. Ní mór do Stát tionscnaimh na stoc anadromach a áirithiú go gcaomhnófar na stoic trí bhearta rialála iomchuí a ghlacadh le haghaidh na hiascaireachta sna huiscí go léir ar thaobh na talún de theorainneacha forimeallacha an limistéir eacnamaíoch eisiach atá aige. I gcásanna ina ndéanann stoic anadromacha imirce chuig uiscí nó trí uiscí atá laistigh de theorainneacha forimeallacha an limistéir eacnamaíoch eisiach atá ag Stát seachas an Stát tionscnaimh, ní mór don Stát sin a bheith ag obair i gcomhar leis an Stát tionscnaimh chun stoic a chaomhnú agus a bhainistiú.

(9) Chun iascaireacht neamh-inbhuanaithe a chosc, is chun leas an Aontais é go n-oibreoidh an Ríocht Aontaithe i gcomhar chun stoic éisc a bhainistiú go hiomlán i gcomhréir le forálacha UNCLOS agus le Comhaontú na Náisiún Aontaithe maidir le Forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 i ndáil le caomhnú agus le bainistiú stoc éisc traslimistéir agus stoc éisc mór-imirceach a chur chun feidhme an 4 Lúnasa 1995 (UNFSA)[7] nó le haon chomhaontú idirnáisiúnta eile nó norm den dlí idirnáisiúnta.

(10) Mar a fhoráiltear in Airteagal 66 de UNCLOS, ní mór do Stát tionscnaimh na stoc anadromach agus Stáit eile a bhíonn ag iascaireacht na stoc sin socruithe a dhéanamh chun an tAirteagal sin a chur chun feidhme. Féadfar an comhar sin a bhunú faoi chuimsiú na n-eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh.

(11) Le haontachas na Ríochta Aontaithe le Coinbhinsiún NASCO, cuirfear ar a cumas don Ríocht Aontaithe dul i gcomhar maidir leis na bearta caomhnaithe agus bainistithe iascaigh is gá, agus aird cheart á tabhairt ar chearta, leasanna agus dualgais tíortha eile agus an Aontais, agus cuirfear ar a cumas di a áirithiú go ndéanfar na gníomhaíochtaí iascaireachta ar bhealach a mbeidh saothrú inbhuanaithe an stoic nó na stoc lena mbaineann dá thoradh sin.

4 Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 1).

5 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/XXX an [dáta] ón gComhairle maidir le húdarú na Ríochta Aontaithe a toiliú a thabhairt a bheith faoi cheangal ina cáil féin ag comhaontuithe idirnáisiúnta áirithe atá ag teacht i bhfeidhm nó atá le cur i bhfeidhm le linn na hidirthréimhse i réimse chomhbheartas iascaigh an Aontais (IO L xxx, xxx, lch. xxx).

6 IO L 179, 23.6.1998, lch. 3.

7 IO L 189, 3.7.1998, lch. 14.

(12) Le haontachas na Ríochta Aontaithe sula rachaidh an idirthréimhse in éag, cuirfear ar a cumas don Ríocht Aontaithe feidhm iomlán a thabhairt do na hoibleagáidí a eascraíonn ó UNCLOS i leith na mbeart caomhnaithe agus bainistithe a thiocfaidh i bhfeidhm ón uair a bheidh deireadh leis an idirthréimhse agus nach mbeidh feidhm ag dlí an Aontais ina leith a thuilleadh. Is chun leas an Aontais é, dá bhrí sin, formheas a thabhairt don iarratas arna dhéanamh ag an Ríocht Aontaithe chun aontú do Choinbhinsiún NASCO.

(13) Ar mhaithe le soiléireacht agus le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart Cinneadh (AE) 2019/937 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcomhairle na hEagraíochta um Chaomhnú Bradán san Atlantach Thuaidh ('comhairle NASCO') arna bunú ag an gCoinbhinsiún um Chaomhnú Bradán san Aigéan Atlantach Thuaidh ('coinbhinsiún NASCO') an t-iarratas ar aontachas ón Ríocht Aontaithe leis an gCoinbhinsiún sin a fhormheas.

2. Údarófar an Coimisiún vótáil i gcomhairle NASCO maidir le haontachas na Ríochta Aontaithe le Coinbhinsiún NASCO agus maidir le ballraíocht na Ríochta Aontaithe i gCoimisiún na Graonlainne Thiar agus i gCoimisiún an Atlantaigh Thoir Thuaidh.

*Airteagal 2*

Aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/937.

*Airteagal 3*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*